

(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Meitheamh 1998
ag dréachtú an Choinbhinsiúin maidir le dícháiliúcháin ón tiomáint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe pointe (c) d'Airteagal K.3(2) de,

De bhrí go measann na Ballstáit, d'fhonn cuspóirí an Aontais a ghnóthú, gur ábhar comhleasa a thagann faoin gcomhar dá bhforáiltear i dTeideal VI den Chonradh éifeacht a thabhairt do dhícháiliúcháin ón tiomáint,

TAR ÉIS A CHINNEADH go ndréchtaítear leis seo an Coinbhinsiún a bhfuil an téacs de san Iarscríbhinn agus atá sínithe ar an lá seo ag Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais,

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh í Lucsamburg, an 17 Meitheamh 1998.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MEACHER

COINBHINSIÚN

arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dícháiliúcháin ón tiomáint

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Choinbhinsiún seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT do Ghníomh ón gComhairle an 17 Meitheamh 1998,

DE BHRÍ go bhfuil sé sárthábhachtach maidir le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas Eorpach go dtugtar éifeacht ar fud an Aontais do dhícháiliúcháin ón tiomáint trí mheáin leormhaithe;

DE BHRÍ gur minic mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus ar an méadú atá tagtha ar an trácht idirnáisiúnta ar bhóithre, gur Ballstát seachas an Ballstát a bhfuil gnáthchónaí ar an tiománaí ann a dhéanann dícháiliúcháin ón tiomáint a fhorchur;

DE BHRÍ, ag féachaint to Threoir 91/439/CEE ón gComhairle an 23 Iúil 1991 maidir le ceadúnais tiomána ⁽¹⁾, gur cóir don Bhallstát ar ar a chríoch atá gnáthchónaí ar shealbhóir an cheadúnais forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le ceadúnais tiomána a tharraingt siar, a fhionraí nó a chealú;

DE BHRÍ nach ceart do thiománaithe atá dícháilithe ón tiomáint i mBallstát seachas an Ballstát a bhfuil gnáthchónaí orthu ann éalú ó éifeachtaí bearta den sórt sin nuair atá siad i mBallstát eile seachas i mBallstát an chiona;

DE BHRÍ gur cóir don Bhallstát a bhfuil cónaí ar shealbhóir an cheadúnais ann, éifeacht a thabhairt, i leith cionta a mheastar a bheith fíorthromchúiseach agus faoi choinníollacha áirithe, do dhícháiliúcháin ón tiomáint arna bhforchur ag Ballstát eile trí bhearta a ghlacadh a bhéarfadh go ndéanfaí an ceadúnas tiomána a tharraingt siar, a fhionraí nó a chealú,

DE BHRÍ, ón uair go bhfuil éifeacht tugtha ag an mBallstát cónaithe do dhícháiliúchán den sórt sin arna fhorchur ag Ballstát eile, gur cóir go mbéarfadh an méid sin mar iarmhairt go nglactar na bearta is gá chun mótarfheithicil a thiomáint le linn thréimhse an dícháiliúcháin a phionósú faoi dlíthe aon cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar ar a chríoch a tharlódh a leithéid,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Chun críoch an Choinbhinsiúin seo:

(a) ciallaíonn ‘dícháiliúchán ón tiomáint’ aon bheart a bhaineann le cion tráchta bóthair a dhéanamh arb é an toradh atá air ceart an tiománaí chun feithicil a thiomáint a tharraingt siar nó a fhionraí agus nach bhfuil inachomhairc a thuilleadh. Féadfaidh an beart sin bheith ina phionós príomha, tánaisteach nó forlíontach nó ina bheart maidir le sábháilteacht agus féadfaidh údarás breithiúnach nó údarás riarthach é a ghlacadh;

(b) ciallaíonn ‘Stát an chiona’ an Ballstát ar laistigh dá chríoch a rinneadh an cion ba shiocair le dícháiliúchán ón tiomáint;

(c) ciallaíonn ‘an Stát cónaithe’ an Ballstát ar laistigh dá chríoch atá gnáthchónaí de réir bhrí Airteagal 9 de Threoir 91/439/CEE ar an duine atá dícháilithe ón tiomáint;

(d) ciallaíonn ‘mótarfheithicil’ aon fheithicil atá folaithe sa sainmhíniú in Airteagal 3(3) de Threoir 91/439/CEE.

Airteagal 2

Gabhann na Ballstáit orthu féin leis seo comhoibriú, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, agus é mar

⁽¹⁾ IO L 237, 24.8.1991, lch. 1. An Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 97/26/CE (IO L 150, 7.6.1997, lch. 41).

chuspóir acu nach cóir do thiománaithe atá dícháilithe ón tiomáint i mBallstát seachas an Ballstát a bhfuil gnáthochónaí orthu ann éalú ó éifeachtaí an dícháiliúcháin ar Stát an chiona a fhágáil dóibh.

Airteagal 3

1. Tabharfaid Stát an chiona fógra gan mhoill don Stát cónaithe maidir le haon dícháiliúchán ón tiomáint arna fhorchur mar gheall ar chion a eascraíonn ón iompar dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

2. Féadfaidh gach Ballstát comhaontú le Ballstáit eile nach ndéanfar fógra a chur chuige de bhun mhír 1 i gcásanna áirithe ina mbeadh feidhm ag pointe (a) d'Airteagal 6(2).

Airteagal 4

1. Faoi réir Airteagal 6, déanfaidh an Stát cónaithe ar cuireadh fógra chuige de bhun Airteagal 3 éifeacht a thabhairt gan mhoill i gceann de na slite seo a leanas don chinneadh arna ghlacadh i Stát an chiona lena bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint:

- (a) tríd an gcinneadh lena bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint a fhorghníomhú go díreach, agus aon chuid de thréimhse an dícháiliúcháin arna fhorchur ag Stát an chiona atá curtha isteach cheana sa Stát sin á cur san áireamh aige; nó
- (b) tríd an gcinneadh lena bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint a fhorghníomhú trí chinneadh breithiúnach nó riarthach i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos i mír 2; nó
- (c) tríd an gcinneadh lena bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint a thiontú ina chinneadh breithiúnach nó riarthach dá chuid féin, agus ar an dul sin, gan dochar d'Airteagal 11, cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh ó Stát an chiona i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i mír 3.

2. Má dhéanann an Stát cónaithe an nós imeachta atá leagtha síos i bpointe (b) de mhír 1 a chur i bhfeidhm:

- (a) cuirfidh sé san áireamh aon chuid de thréimhse an dícháiliúcháin ón tiomáint arna fhorchur ag Stát an chiona atá curtha isteach cheana sa Stát sin;
- (b) féadfaidh sé ré an dícháiliúcháin ón tiomáint a laghdú ach ní fhéadfaidh se í a laghdú ach amháin go dtí an t-uastéarma dá bhforáiltear le haghaidh gníomhartha den chineál céanna faoina dhlí náisiúnta;

(c) ní fhadóidh sé ré an dícháiliúcháin ón tiomáint arna fhorchur ag Stát an chiona.

3. Má dhéanann an Stát cónaithe an nós imeachta atá leagtha síos i bpointe (c) de mhír 1 a chur i bhfeidhm:

- (a) beidh sé faoi cheangal ag na fórais mar atá siad suite a mhéad atá siad sonraithe go sainráite nó go hintuigthe sa chinneadh lean bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint i Stát an chiona;
- (b) cuirfidh sé san áireamh aon chuid de thréimhse an dícháiliúcháin ón tiomáint arna fhorchur ag Stát an chiona atá curtha isteach cheana sa Stát sin;
- (c) féadfaidh sé ré an dícháiliúcháin ón tiomáint a laghdú chun í a ailíniú ar an ré a chuirfí i bhfeidhm sa chás i dtrácht de réir a dhlí náisiúnta;
- (d) ní fhadóidh sé ré an dícháiliúcháin ón tiomáint arna fhorchur ag Stát an chiona;
- (e) ní fhéadfaidh sé fíneáil nó aon bheart eile a chur in ionad an dícháiliúcháin ón tiomáint.

4. Agus éifeacht á tabhairt aige do dhícháiliúchán ón tiomáint faoin Airteagal seo, cinnfidh an Stát cónaithe, nuair is gá sin, dáta óna ndéanfaidh sé an dícháiliúchán ón tiomáint a fhorghníomhú.

5. Tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt, féadfaidh gach Ballstát a shonrú i ndearbhú cad iad na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 atá sé ar intinn aige a chur i bhfeidhm ina cháil mar Stát cónaithe. Féadfar dearbhú nua a chur in ionad an dearbhaithe tráth ar bith.

Airteagal 5

Tabharfar éifeacht do dhícháiliúchán ón tiomáint de bhun Airteagal 4 gan dochar d'aon bhearta breise maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fhéadfaidh an Stát cónaithe a ghlacadh faoina reachtaíocht féin.

Airteagal 6

1. Diúltóidh an Stát cónaithe éifeacht a thabhairt don dícháiliúchán ón tiomáint:

- (a) nuair atá an dícháiliúchán ón tiomáint forghníomhaithe go hiomlán cheana i Stát an chiona;

- (b) nuair atá dícháiliúchán ón tiomáint forchurtha cheana ar an gciontóir sa Stát cónaithe mar gheall ar na gníomhartha céanna agus go bhfuil an dícháiliúchán sin forghníomhaithe nó á fhorghníomhú;
- (c) nuair a bheadh an ciontóir tar éis tairbhiú de phardún nó d'ollmhaithiúnas ginearálta sa Stát cónaithe dá ndéanfaí na gníomhartha laistigh de chríoch an Stáit sin;
- (d) nuair a bheadh an tréimhse chinnteachta don bheart tar éis dul in éag faoina reachtaíocht féin;
- (e) nuair a mheasann sé, sna himthosca a bhaineann leis an gcás ar leith, tar éis faisnéis a fháil arna soláthar faoi Airteagal 8, nach raibh deis leormhaith ag an duine i dtrácht é féin a chosaint.

2. Féadfaidh an Stát cónaithe diúltú éifeacht a thabhairt don dícháiliúchán ón tiomáint:

- (a) mura cion é faoi dhlí an Stáit cónaithe an t-iompar ar forchuireadh an dícháiliúchán ón tiomáint ina leith i Stát an chiona;
- (b) más lú ná mí amháin an tréimhse dhícháiliúcháin atá fágtha a d'fhéadfaí a fhorghníomhú sa Stát cónaithe;
- (c) mura bhfuil dícháiliúchán ón tiomáint ar fáil mar bheart faoi reachtaíocht an Stáit chónaithe i leith na ngníomhartha is siocair leis an dícháiliúchán ón tiomáint arna forchur ag Stát an chiona.

3. Tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt nó tráth ar bith eile, féadfaidh aon Ballstát a dhearbhu go ndéanfaidh sé mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcónaí go páirteach nó go hiomlán. Nuair atá fógra den sórt sin déanta, ní chuirfear d'iachall ar na Ballstáit eile dícháiliúcháin ón tiomáint den sórt dá dtagraítear sa dearbhú sin de bhun Airteagal 3 a pháirtiú leis an mBallstát a bhfuil an dearbhú déanta aige. Féadfaidh aon Ballstát a dhearbhu a tharraingt siar tráth ar bith.

Airteagal 7

1. Déanfaidh údarás inniúil Stát an chiona an fógra dá dtagraítear in Airteagal 3 a sheoladh chuig údarás lárnach an Stáit chónaithe.

2. Chun críoch mhír 1, tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt, sonrúidh gach Ballstát:

- (a) an t-údarás lárnach nó na húdarás lárnacha a ainmníonn sé;
- (b) na húdarás inniúla atá freagrach as na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 3 a thíolacadh.

Airteagal 8

1. Beidh ag gabháil leis an bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 3:

- sonraí a fhónann chun an duine atá dícháilithe ón tiomáint a aimsiú;
- an leagan bunaidh nó cóip dheimhnithe den chinneadh lena bhforchuirtear dícháiliúchán ón tiomáint;
- ráiteas gearr de na himthosca agus tagairt do na forálacha dlí i Stát an chiona ar ar a mbonn a forchuireadh an dícháiliúchán ón tiomáint, mura bhfuil siad luaite sa chinneadh;
- fianú go bhfuil sé críochnaitheach;
- faisnéis maidir leis an dícháiliúchán ón tiomáint a fhorghníomhú i Stát an chiona, lena n-áirítear fad an dícháiliúcháin agus, nuair is eol sin, an dáta a thosaíonn an dícháiliúchán agus an dáta a théann sé in éag;
- an ceadúnas tiomána, má urghabhadh é.

2. Nuair nach ndearna an duine ar ar forchuireadh an dícháiliúchán ón tiomáint láithriú go pearsanta nó nach raibh sé ionadaíthe ag na himeachtaí, ní foláir go mbeidh fianaise ag gabháil le fógraí de bhun Airteagal 3 gur tugadh fógra go cuí don duine sin maidir leis na himeachtaí i gcomhréir le dlí Stát an chiona.

3. Má fhaightear nach leor an fhaisnéis arna páirtiú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 chun gur féidir cinneadh a ghlacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo, go háirithe, sna himthosca a bhaineann leis an gcás ar leith, má tá amhras ann an raibh deis leormhaith ag an duine i dtrácht é féin a chosaint, iarrfaidh údarás inniúla an Stáit chónaithe ar údarás inniúla Stát an chiona an fhaisnéis fhorlíontach is gá a sholáthar gan mhoill.

Airteagal 9

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3, ní éileofar aistriúchán ar na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 3 ná den ábhar a ghabhann leis dá dtagraítear in Airteagal 8 ná d'aon doiciméid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm.

2. Tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt, féadfaidh aon Ballstát a dhearbhu nach foláir aistriúchán go ceann de theangacha oifigiúla institiúidí na gComhphobal Eorpach atá sonraithe ina dhearbhu a

bheith ag gabháil leis na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 arna ndíriú chuige ag Stát an chiona.

3. Amach ón doiciméad dá dtagraítear sa dara fleasc d'Airteagal 8(1), ní gá na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheimhniú.

Airteagal 10

Cuirfidh an Stát cónaithe Stát an chiona ar an eolas faoi aon chinneadh arna ghlacadh i leith fógra arna thabhairt de bhun Airteagal 3 agus i leith forghníomhú agus faoi chúiseanna a dhiúltaíthe má dhiúltaíonn sé éifeacht a thabhairt do dhícháiliúcháin ón tiomáint de bhun Airteagal 6.

Airteagal 11

1. Ní dhéanfaidh cinneadh ón Stát cónaithe dífeair don cheart atá ag Stát an chiona tréimhse iomlán an dícháiliúcháin ón tiomáint arna chinneadh ag Stát an chiona a fhorghníomhú ar a chríoch.

2. Tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt, féadfaidh aon Ballstát a shonrú ina cháil mar Stát an chiona nach guirfidh sé mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm.

3. Feidhmeoidh Stát an chiona agus an Stát cónaithe a gcuid freagrachtaí faoin gCoinbhinsiún ar dhóigh a áiríteoidh nach mó tréimhse iomlán an dícháiliúcháin, agus aon tréimhse dícháiliúcháin a cuireadh isteach i leith an chiona i dtrácht sa Stát cónaithe á cur san áireamh, ná tréimhse an dícháiliúcháin arna cinneadh a chéadair ag Stát an chiona.

4. Tráth an chinnidh maidir le dícháiliúcháin a chur in iúl don duine i dtrácht, déanfaidh Stát an chiona a bheartaíonn mír 1 a chur i bhfeidhm an duine a chur ar an eolas faoin méid sin san am céanna agus deimhneoidh sé san fhógra arna thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 3 don Stát cónaithe go bhfuil sin déanta aige.

Airteagal 12

Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun gur féidir leis mótarfheithicil a thiomáint ar a chríoch a phionósú nuair

atá an tiománaí dícháilithe ón tiomáint ag an Stát cónaithe de bhun an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 13

Déanfar costais arna dtabhú i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo a iompar sa Ballstát ina dtarlaíonn siad.

Airteagal 14

1. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun railú ar aon díospóid idir Ballstáit maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo nuair nach féidir leis an gComhairle an díospóid sin a réiteach laistigh de shé mhí óna cur faoi bhráid na Comhairle ag ceann dá comhaltaí. Beidh dlínse ag an gCúirt freisin chun rialú ar aon díospóid idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo.

2. Féadfaidh aon Bhallstát, trí dhearbhu a dhéanamh tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt nó aon tráth eile ina dhiaidh sin, glacadh le dlínse na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialuithe a thabhairt ar léiriú an Choinbhinsiúin seo.

3. Sonróidh Ballstát a dhéanann dearbhú de bhun mhír 2:

(a) go bhféadfaidh aon chúirt nó binse de chuid an Stáit sin nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a breitheanna nó a bhreitheanna a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar cheist a thugtar ar aird i gcás atá ar feitheamh os comhair na cúirte nó an bhinse sin agus a bhaineann le léiriú an Choinbhinsiúin seo má mheasann an chúirt nó an binse sin gur gá breith maidir leis an gceist ionas go bhféadfaidh sí nó sé breithiúnas a thabhairt; nó

(b) go bhféadfaidh aon chúirt nó binse de chuid an Stáit sin a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar cheist a thugtar ar aird i gcás atá ar feitheamh os comhair na cúirte nó an bhinse sin agus a bhaineann le léiriú an Choinbhinsiúin seo má mheasann an chúirt nó an binse sin gur gá breith maidir leis an gceist ionas go bhféadfaidh sí nó sé breithiúnas a thabhairt.

4. Beidh feidhm ag Reacht Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus a Rialacha Nós Imeachta. Beidh aon Bhallstát, bíodh nó ná bíodh dearbhú de bhun mhír 2 déanta aige, i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh don Chúirt i gcásanna a thagann chun cinn faoi mhír 3.

Airteagal 15

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.
2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil a gceanglais bhunreachtúla chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh comhlíonta acu.
3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm 90 lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an mBallstát is déanaí is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an ghnímh ag dréachtú an Choinbhinsiúin seo a chomhallfaidh an fhoirmiúlacht sin.
4. Go dtí go dtiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt nó tráth ar bith eile ina dhiaidh sin, a dhearbhu go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo, amach ó Airteagal 14, a mhéad a bhaineann leis maidir lena chaidreamh leis na Ballstáit a mbeidh an dearbhú céanna déanta acu. Beidh éifeacht leis na dearbhuithe sin amhail 90 lá tar éis dáta a dtaiscthe.
5. Ní bheidh an Coinbhinsiún seo ná na dearbhuithe arna ndéanamh ina leith infheidhme ach maidir le cionta a dhéantar tar éis an Choinbhinsiúin a theacht i bhfeidhm nó ón dáta a thiocfaidh sé chun bheith infheidhme idir na Ballstáit i dtrácht.

Airteagal 16

1. Beidh aontachas leis an gCoinbhinsiún seo ar oscailt d'aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.
2. Is téacs údarásach téacs an Choinbhinsiúin seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna dhréachtú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

3. Taiscfear na hionstraimí aontachais le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

4. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith aon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Choinbhinsiúin a theacht i bhfeidhm, mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm cheana tráth na tréimhse thuasluaite 90 lá a dhul in éag.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 15(4) maidir leis na Ballstáit aontacha.

Airteagal 17

Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas a dhéanamh i leith an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 18

I dtaca leis an Ríocht Aontaithe, ní bheidh feidhm ag forálacha na Choinbhinsiúin seo ach amháin maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Airteagal 19

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* faisnéis maidir leis an gCoinbhinsiún seo a ghlacadh agus aontachais leis agus maidir leis na dearbhuithe, maille le gach fógra eile a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo.

En fe de lo cual, los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Convenio.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne konvention.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschrift unter dieses Übereinkommen gesetzt.

Σε πίστωση των ανωτέρω, οι υπογράφοντες πληρεξούσιοι έθεσαν την υπογραφή τους κάτω από την παρούσα σύμβαση.

In witness whereof, the undersigned plenipotentiaries have hereunto set their hands.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas de la présente convention.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce alla presente convenzione.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder deze overeenkomst hebben gesteld.

Em fé do que, os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no final da presente convenção.

Tämän vakuudeksi alla mainitut täysivaltaiset edustajat ovat allekirjoittaneet tämän yleissopimuksen.

Till bekræftelse härav har undertecknade befullmäktigade undertecknat denna konvention.

Hecho en Luxemburgo, el diecisiete de junio de mil novecientos noventa y ocho, en un ejemplar único, en lenguas alemana, inglesa, danesa, española, finesa, francesa, griega, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, cuyos textos son igualmente auténticos y que será depositado en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea.

Udfærdiget i Luxembourg, den syttende juni nitten hundrede og otteoghalvfems, i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, idet hver af disse tekster har samme gyldighed; de deponeres i arkiverne i Generalsekretariatet for Rådet for Den Europæiske Union.

Geschehen zu Luxemburg am siebzehnten Juni neunzehnhundertachtundneunzig in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt.

Έγινε στο Λουξεμβούργο, στις δεκαεπτά Ιουνίου χίλια εννιακόσια ενενήντα οκτώ, σε ένα μόνο αντίτυπο, στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα· κάθε κείμενο είναι εξίσου αυθεντικό και κατατίθεται στα αρχεία της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης.

Done at Luxembourg on the seventeenth day of June in the year one thousand nine hundred and ninety-eight, in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original remaining deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

Fait à Luxembourg, le dix-sept juin mil neuf cent quatre-vingt-dix-huit, en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, chaque texte faisant également foi, exemplaire qui est déposé dans les archives du Secrétariat général du Conseil de l'Union européenne.

Arna dhéanamh i Lucsamburg ar an seachtú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha a hocht, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Fatto a Lussemburgo, addì diciassette giugno millenovecentonovantotto, in un unico esemplare in lingua danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, ciascun testo facente ugualmente fede, e depositato negli archivi del Segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea.

Gedaan te Luxemburg, de zeventiende juni negentienhonderd achtennegentig, in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt neergelegd in het archief van het Secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie.

Feito no Luxemburgo, em dezassete de Junho de mil novecentos e noventa e oito, em exemplar único, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, fazendo igualmente fé todos os textos, depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia.

Tehty Luxemburgissa seitsemäntenätoista päivänä kesäkuuta vuonna tuhatyhdeksäsataayhdeksänkymmentäkahdeksan englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalín, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä yhtenä alkuperäiskappaleena, joka talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon ja jonka jokainen teksti on yhtä todistusvoimainen.

Som skedde i Luxemburg den sjuttonde juni nittonhundra nittioåtta i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska språken, vilka samtliga texter är lika giltiga, vilket skall deponeras i arkivet vid generalsekretariatet vid Europeiska unionens råd.


Pour le gouvernement du Royaume de Belgique
Voor de regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien



For regeringen for Kongeriget Danmark



Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland




Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España



Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland



Per il governo della Repubblica italiana



Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg



Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden




Für die Regierung der Republik Österreich




Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



—

*IARSCRÍBHINN***IOMPAR ATÁ FOLAITHE IN AIRTEAGAL 3 DEN CHOINBHINSIÚN**

1. Tiomáint mheargánta nó chontúirteach (bíodh nó ná bíodh bás, díobháil nó baol tromchúiseach mar thoradh uirthi).
 2. Mainneachtain thoiliúil sna hoibleagáidí a chuirtear ar thiománaithe tar éis dóibh bheith bainteach le tionóiscí bóthair a chomhlíonadh (bualadh agus teitheadh le linn tiomáint).
 3. Feithicil a thiomáint faoi bhrí alcóil nó aon substaintí eile a dhéanann dífead do chumais mheabhrach nó coirp tiománaí nó a laghdaíonn iad.
Diúltú tastálacha le haghaidh alcóil agus drugaí a dhéanamh.
 4. Feithicil a thiomáint níos tapúla ná an luas atá ceadaithe.
 5. Feithicil a thiomáint le linn dícháiliúcháin.
 6. Iompar eile ar cion é a bhfuil Stát an chiona tar éis dícháiliúcháin ón tiomáint a fhorchur mar gheall air
 - nach lú a ré ná sé mhí,
 - ar lú a ré ná sé mhí nuair atá na Ballstáit i dtrácht tar éis comhaontú air sin go déthaobhach.
-